



2023/2803

12.12.2023

CINNEADH (CBES) 2023/2803 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Nollaig 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/151 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 3 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/151 ⁽¹⁾ maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin faoin 31 Nollaig 2022. Cuireadh síneadh leis an ngníomhaíocht sin go dtí an 31 Nollaig 2023 trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2022/2442 ⁽²⁾ ón gComhairle.
- (2) Ón 1 Meitheamh 2021 ar aghaidh, tá an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) tar éis aslonnú Afganastánach a eagrú agus a bhainistiú, go háirithe iad siúd a d'oibrigh d'Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin, arna cheapadh trí bhíthin Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES ón gComhairle ⁽³⁾, nó do Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL Afganastáin), arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus aslonnú Afganastánach fíorleochaileach eile a chomhoibriú leis an Aontas, chomh maith lena ngarghaolta cleithiúnacha.
- (3) Rinne SEGS liosta de na daoine atá incháilithe d'aslonnú faoi Chinneadh (CBES) 2022/151 ('an liosta') a bhunú agus a nuashonrú.
- (4) Mar gheall ar chúrsaí san Afganastáin, ní féidir daoine atá ar an liosta, atá fós i mbaol agus iad san Afganastáin, a aslonnú faoin 31 Nollaig 2023.
- (5) Ba cheart síneadh a chur, go dtí an 31 Nollaig 2024, leis an ngníomhaíocht faoi Chinneadh (CBES) 2022/151,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San chuid réamhráiteach d'Airteagal 1(1) de Chinneadh (CBES) 2022/151, cuirtear an dáta '31 Nollaig 2024' in ionad an dáta '31 Nollaig 2023'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2022/151 ón gComhairle an 3 Feabhra 2022 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin (IO L 25, 4.2.2022, lch. 11).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2022/2442 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/151 maidir le gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le haslonnú daoine fíorleochaileacha áirithe ón Afganastáin (IO L 319, 13.12.2022, lch. 83).

⁽³⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/875/CBES ón gComhairle an 10 Nollaig 2001 a bhaineann le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh a cheapadh (IO L 326, 11.12.2001, lch. 1).

⁽⁴⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/369/CBES ón gComhairle an 30 Bealtaine 2007 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh san Afganastáin (EUPOL AFGANASTÁIN) a bhunú (IO L 139, 31.5.2007, lch. 33).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES
